

Cuntas Leithreasa 2024

Vóta 38

Sláinte

Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 38, ceanglaítear orm gach bliain an cuntas leithreasa don Vóta a ullmhú, agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

I gcomhréir leis an gceanglas sin, d'ullmhaigh mé an cuntas atá ceangailte leis seo ar an méid a caitheadh sa bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2024 ar thuarastail agus ar chostais Oifig an Aire Sláinte, lena n-áirítear seirbhísí áirithe atá faoi riaradh na hOifige sin, agus chun deontais áirithe a íoc.

Cuirtear an toradh caiteachais i gcomparáid leis na suimeanna

- arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa 2024, lena n-áirítear an méid a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasai-i-gcabhair ar chaiteachas na bliana, agus
- soláthar do sheirbhísí soláthair chaipitiúil in 2024 as leithreasaí 2023 nár caitheadh faoi na socruithe iarchurtha maidir le géilleadh airgid arna mbunú le halt 91 den Acht Airgeadais 2004.

Dlítear barrachas de €28.203 milliún a ghéilleadh don Státchiste.

Is cuid den Chuntas iad an Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta agus nótaí 1 go 6.

Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta

Cuireadh i bhfeidhm na beartais chuntasaíochta chaighdeánacha agus na prionsabail chuntasaíochta chaighdeánacha chun cuntais leithreasa a tháirgeadh, mar a leag an Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadadh agus Athchóiriú an Phlean Forbartha Náisiúnta amach i gcioclán 20 de 2024, agus an cuntas á ullmhú. Áirítear leis sin cur chun feidhme roinnt Caighdeán Cuntasaíochta de chuid an Rialtais Láir (GCAS) a cuireadh i bhfeidhm don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2024.

Íocaíochtaí le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte

Cuirtear cistí ar aghaidh chuig Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS) maidir le soláthar seirbhísí ar bhonn deontais, ar aon dul leis an maoiniú atá leagtha amach sa litir chinnidh bhliantúil a eisíonn FSS ina leagtar amach a leibhéal faofa caiteachais. B'ionann an cistiú deontais a íocadh le FSS in 2024 agus €24.111 billiún (2023: €21.845 billiún) agus gearradh é ar na fo-cheannteidil ábhartha. Tá cuntas air seo thar 12 fhotheideal – gach fotheideal ó 1 go M.3, seachas fotheideal M.1, a bhain le caiteachas caipitiúil gníomhaireachtaí faoi choimirce na Roinne seachas FSS.

Rinne an Roinn réamhíocaíocht €78.109 milliún le FSS as párolaí dar dáta an 2 Eanáir 2025. Gearradh an méid sin ar chuntas dochair ar an ráiteas maidir leis an staid airgeadais.

Dímheas sócmhainní caipitil

Déantar dímheas réadmhaoine, fearais agus trealaimh agus amúchadh sócmhainní doláimhsithe a ríomh agus a mhuirearú i gcomhréir le CGAS 17 agus CGAS 31 faoi seach.

Seo a leanas na saolréanna úsáidte agus na rátaí dímheasa/amúchta gaolmhara do na móraicmí sócmhainní caipitil.

Aicme sócmhainne	Saolré fhóinteach	Ráta dímheasa/ amúchta
Trealamh TF	5 bliana	20%
Ceadúnais bogearraí	5 bliana	20%

Ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais

Freagracht as an gcóras rialaithe airgeadais inmheánaigh

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, admhaím an fhreagracht atá orm a chinntiú go ndéanann an Roinn córas éifeachtach rialaithe airgeadais inmheánaigh a chothabháil agus a oibriú.

Feidhmítear an fhreagracht seo i gcomhthéacs na n-acmhainní atá ar fáil dom agus mo chuid oibleagáidí eile mar Ard-Rúnaí.

Chomh maith leis sin, ní féidir le haon chóras rialaithe airgeadais inmheánaigh ach dearbhú réasúnach seachas dearbhú iomlán a thabhairt go ndéantar sócmhainní a chosaint, idirbhearta a údarú agus a thaifeadadh i gceart, agus go ndéantar earráidí nó neamhrialtachtaí ábhartha a chosc nó go mbraithfí iad go tráthúil. Is próiseas leanúnach é an córas rialuithe airgeadais inmheánacha a choinneáil agus coimeádtar athbhreithniú leanúnach ar an gcóras agus ar a éifeachtúlacht.

Seirbhísí roinnte

Tá mo chuid freagrachtaí comhlíonta agam i ndáil le riachtanais an Chomhaontaithe Bainistíochta Seirbhíse idir an Roinn seo agus an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte maidir le soláthar acmhainní daonna agus seirbhísí comhroinnte párola.

Braithim ar litir dearbhaithe ó Oifigeach Cuntasaíochta na hOifige Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte go ndéantar na rialuithe iomchuí a chur i bhfeidhm chun seirbhísí comhroinnte a sholáthar don Roinn seo.

Chuir an tOifigeach Cuntasaíocht na Seirbhísí Comhroinnte próiseas iniúcháireachta i bhfeidhm chun dearbhú neamhspleách a chur ar fáil ar oibriú na rialuithe laistigh de sheirbhísí comhroinnte. Is meascán é an dearbhú seo

- d'obair iniúcháireachta inmheánaí arna déanamh ag Aonad Iniúcháireachta Inmheánaí na hOifige Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte, agus
- Iniúchtaí arna ndéanamh ag comhlacht cuntasóirí faoi réir ag Caighdeán Idirnáisiúnta um Dhearbhuithe Iontaofachta (ISAE 3402), arna ndearadh chun tuairisciú chuig ranna úsáideora agus a n-iniúcháirí maidir leis na rialuithe laistigh de sheirbhísí comhroinnte. Tuairiscítear ar éifeachtúlacht na rialuithe a oibríodh in 2024 sna hiniúchtaí sin.

Timpeallacht rialaithe airgeadais

Tá timpeallacht rialaithe ina bhfuil na gnéithe seo a leanas i bhfeidhm.

- Sannadh freagrachtaí airgeadais ar leibhéal na bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach.
- Tá socruithe tuairiscithe curtha ar bun ag gach leibhéal inar sannadh freagracht as bainistíocht airgeadais.
- Tá nósanna imeachta foirmiúla curtha ar bun chun teipeanna suntasacha rialaithe a thuairisciú agus chun gníomh ceartaitheach iomchuí a chinntiú.
- Tá Coiste Iniúcháireachta ann chun comhairle a chur orm maidir le mo chuid freagrachtaí as an gcóras rialaithe airgeadais inmheánach a chomhlíonadh.
- Rinneadh doiciméadú ar nósanna imeachta le haghaidh príomhphróisis ghnó.

- Tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint.

Rialuithe riaracháin agus tuairisciú bainistíochta

Tá creat nósanna imeachta riaracháin agus tuairisciú bainistíochta rialta i bhfeidhm, lena n-áirítear leithscaradh dualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta.

- Tá córas buiséadaithe iomchuí ann le buiséad bliantúil a choinníonn an bhainistíocht shinsearach faoi athbhreithniú.
- Déanann an bhainistíocht shinsearach athbhreithnithe rialta ar thuarascálacha airgeadais tréimhsiúla agus bliantúla a léiríonn feidhmíocht airgeadais i gcoinne réamhaisnéisí.
- Oibríonn córas bainistíochta riosca laistigh den Roinn.
- Tá córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras TFC a chinntiú.
- Tá treoirlínte rialaithe infheistíochta caipitil agus disciplíní foirmiúla bainistíochta tionscadail ann.

An Coiste Iniúchta agus Iniúchta Inmheánaigh

Tá feidhm iniúcháireachta inmheánaí ag an Roinn a fheidhmíonn de réir cairte scríofa atá ceadaithe agam, agus atá faoi stiúir comhalta cáilithe d'Institiúid Chairte na nIniúcháirí Inmheánacha. Tá a chuid oibre bunaithe ar anailís ar na rioscaí airgeadais a bhfuil an Roinn nochta dóibh agus tá a phleananna iniúcháireachta inmheánaí bliantúla, arna gcomhcheadú agamsa agus ag an Coiste Iniúcháireachta, bunaithe ar an anailís seo. Tá sé mar aidhm ag na pleananna seo na príomh-rialuithe a chlúdach ar bhonn rollach thar thréimhse réasúnta. Ina theannta sin, cuirtear seirbhísí iniúcháireachta inmheánaí in 2024 i gcomhréir leis na *Caighdeáin Iniúchta Inmheánaigh do Ranna agus Oifigí Rialtais* (2018), arna n-eisiúint ag an Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadadh agus Athchóiriú an Phlean Forbartha Náisiúnta.

Deimhním go bhfuil Coiste Iniúcháireachta neamhspleách agus cáilithe in situ ag an Roinn, agus gur fheidhmigh sé go sásúil i rith na bliana. Is féidir liom a dhearbhu gur oibrigh an Coiste Iniúcháireachta de réir Cairte a d'fhaomh mé.

Déanann mé féin agus an Coiste Iniúcháireachta athbhreithniú tréimhsiúil ar an bhfeidhm iniúchta inmheánaigh agus tá sé faoi réir measúnú cáilíochta neamhspleách uair amháin ar a laghad gach 5 bliana. Ina theannta sin, tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm agamsa chun a chinntiú go ndéantar bearta leantacha cuí maidir le tuarascálacha Iniúchta Inmheánaigh.

Soláthar

Cinntíonn an Roinn go ndírítear go cuí ar dhea-chleachtas soláthair agus gach conradh á ndámhachtain agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm lena chinntiú go gcomhlíontar na treoirlínte ábhartha go léir.

Chuir an Roinn sonraí de seacht gconradh neamhiomaíoch de bhreis ar €25,000 sa tuairisceán bliantúil maidir le ciorclán 40/2002 ar fáil don Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadadh agus Athchóiriú an Phlean Forbartha Náisiúnta.

Neamhchomhlíonadh rialacha soláthair

Níor aimsíodh go raibh aon chonradh neamhchomhlíontach de réir treoirlínte soláthair in 2024.

Creat riosca agus rialaithe

Tá córas bainistíochta riosca curtha i bhfeidhm ag an Roinn a aithníonn agus a thuairiscíonn príomhrioscaí agus na bearta bainistíochta atá á ndéanamh chun aghaidh a thabhairt orthu agus, a mhéid is féidir, chun na rioscaí sin a mhaolú.

Rinneadh dul chun cinn suntasach i dtaobh chur chun feidhme chreat bainistithe riosca na Roinne arna athbhreithniú. Cuireadh i bhfeidhm timthriall tuairiscithe riosca rathúil, a mhéadaíonn caidreamh gníomhach le eRisk (an clár riosca) ar fud na Roinne. Ainmníodh Meán Fómhair 2024 mar 'Mí na Béime ar Riosca', lena ndírítear ar príomhghnéithe an chreata bainistithe riosca. Cuireadh oiliúint bainistithe riosca ar fáil do gach ball foirne, lena leagtar béim ar an tábhacht a bhaineann le gach céim den phróiseas bainistithe riosca a thuiscint. Díríonn na tionscnaimh sin ar chultúr atá feasach ar riosca a leabú sa Roinn.

Tháinig an Coiste Riosca le chéile go rialta chun maoirseacht éifeachtúil agus dearbhú ar bhainistiú riosca a chinntiú. Cuireadh nuashonruithe rialta maidir le bainistíocht riosca faoi bhráid an Choiste Rialachais Chorporáidigh Inmheánaigh, fochoiste de chuid an Bhoird Bainistíochta, a thugann dearbhú don Oifigeach Cuntasaíochta maidir le hoiriúnacht agus stóinseacht chórais, phróisis agus nósanna imeachta rialachais corporáidigh na Roinne. Cuireadh i láthair ag an Ionad Rialachais agus Riosca nuashonrú ar Choiste Iniúchóireachta na Roinne i Mí na Nollag, lena cuireadh tuilleadh dearbhaithe ar fáil.

Beidh an fócas le linn 2025 ar an gcreat bainistithe riosca a leabú agus ár n-acmhainní bainistithe riosca a neartú a thuilleadh.

Rialachas san earnáil sláinte

Tá cur chuige na Roinne maidir le rialachas a bhainistiú ar fud na hearnála sláinte in 2024 bunaithe ar *Chód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit* (2016) na Roinne Caiteachais Phoiblí, Seachadadh agus Athchóiriú an Phlean Forbartha Náisiúnta. Is iad na haonaid ainmnithe laistigh den Roinn atá faoi stiúir leibhéal an Phríomhoifigigh a dhéanann maoirseacht ar chomhlachtaí faoi choimirce le hionchur agus tacaíocht ó Aonad Rialachais agus Riosca na Roinne agus ó aonaid ábhartha eile.

Ar an gcéad dul síos, is ar gach bord, agus ar gach cathaoirleach ar an mbord, atá an fhreagracht as sainordú agus feidhmeanna comhlachtaí aegis a sheachadadh.

Déantar an caidreamh idir an Roinn agus na comhlachtaí faoina coimirce a mheas go príomha ag an reachtaíocht atá mar bhonn faoin gcomhlacht a bhunú, agus na ceanglais a leagadh amach sa *Chód Cleachtais*.

Faoin *gCód Cleachtais*, bhí comhaontuithe maoirseachta agus comhaontuithe maidir le feidhmíocht a sheachadadh i bhfeidhm le comhlachtaí faoi choimirce le linn 2024. Dírítear leis an gcur chuige seo ar aschuir agus ar thorthaí agus áirítear ann táscairí feidhmíochta lena chinntiú go n-úsáidtear acmhainní ar bhealach éifeachtach agus éifeachtúil chun seirbhísí ardchaighdeán a sholáthar.

Ullmhaíonn FSS plean corparáideach a chlúdaíonn tréimhse trí bliana agus déanann an tAire Sláinte é a fhaomhadh. Gach bliain, leanann FSS ar aghaidh ag ullmhú Plean Seirbhíse Náisiúnta ina leagtar amach cineál agus méid na seirbhísí atá beartaithe aige a sholáthar don mhaoiniú atá ar fáil. Comhlíonann an Plean Seirbhíse Náisiúnta seo alt 9.5.2 den chomhaontú formhaoirseachta maidir le ceanglais comhaontaithe seachadta feidhmíochta. Rinne an tAire Sláinte an *Plean Seirbhíse Náisiúnta 2024* a fhaomhadh an 7 Feabhra 2024 agus ina dhiaidh sin rinneadh é a chur faoi bhráid Thithe an Oireachtais araon é de réir an cheanglais reachtaigh in alt 31(13) den Acht Sláinte 2004 (arna leasú) agus a fhoilsiú ag FSS.

Cuireann FSS tuarascálacha feidhmíochta isteach go míosúil i rith na bliana, agus bíonn cruinnithe míosúla ar siúl ag leibhéil éagsúla idir an dá eagraíocht chun saincheisteanna feidhmíochta leanúnacha nó saincheisteanna feidhmíochta atá ag teacht chun cinn a phlé agus chun gníomhartha a chinneadh chun réimsí inní a fheabhsú.

Maidir le comhlachtaí eile faoi choimirce, foráiltear go ginearálta sa reachtaíocht do phlean corparáideach ilbhliantúil agus do phlean gnó bliantúil. Ceadaíonn na pleananna seo, faoi seach, straitéis chorparáideach fhoriomlán agus tosaíochtaí bliantúla a fhorbairt agus a chomhaontú leis an Roinn.

Monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach

Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun faireachán a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus cuirtear easnaimh rialaithe in iúl dóibh siúd atá freagrach as gníomhaíocht cheartaitheach a dhéanamh agus don bhainistíocht agus don bhord bainistíochta, i gcás inarb ábhartha, go tráthúil. Deimhním gur sainaithníodh príomhrioscaí agus rialuithe gaolmhara, agus gur cuireadh próisis i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar oibriú na bpríomhrialuithe sin agus aon easnaimh a shainaithnítear a thuairisciú.

Athbhreithniú ar éifeachtúlacht

Tá nósanna imeachta ag an Roinn chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta bainistíochta riosca agus rialaithe. Bíonn monatóireacht agus athbhreithniú na Roinne ar éifeachtacht an chórais rialaithe airgeadais inmheánaigh bunaithe ar obair na n-iniúcháirí inmheánacha agus seachtracha agus na bainistíochta sinsearaí laistigh den Roinn atá freagrach as an gcreat rialaithe airgeadais inmheánach a fhorbairt agus a chothabháil.

Rinneadh iniúchadh inmheánach ar bheartas bainistíochta riosca in 2024 ina ndearnadh roinnt moltaí, agus tá na moltaí sin á gcur chun feidhme ag an Roinn.

Saincheisteanna rialaithe airgeadais inmheánaigh

Idirbheart neamhchomhlíontach

D'aithin an Roinn íocaíocht neamhchomhlíontach amháin le linn 2024. Rinneadh íocaíocht dhúblach le Comhairle Contae an Longfoirt de €40,000 ar an 27 Samhain. Cuireadh bratach leis an íocaíocht mar íocaíocht dhúblach féideartha ar an gcóras bainistithe airgeadais (FMS). Ní dhearna an ball foirne freagrach na seiceálacha ba ghá agus lean siad ar aghaidh leis an íocaíocht. Fuarthas méid iomlán na ró-íocaíochta ar ais ina dhiaidh sin. Thug an ball foirne faoi athoiliúint ar an FMS agus tugadh comhairle dó/dí an gá atá le díograis agus íocaíochtaí á bpróiseáil.

Rinneadh athbhreithniú ar na nósanna imeachta a bhaineann leis na híocaíochtaí sin agus rinneadh athbhreithniú ar na rialuithe ábhartha chun an riosca atarlaithe a íoslaghdú.

Robert Watt

Oifigeach Cuntasaíochta
Sláinte

24 Márta 2025

An tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste Tuarascáil le cur faoi bhráid Dháil Éireann

Vóta 38 Sláinte

Tuairim faoin gcuntas leithreasa

Rinne mé iniúchadh ar an gcuntas leithreasa do Vóta 38 Sláinte don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2024 faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993.

Is é mo thuairimse go gcuirtear i láthair go cuí

- sa chuntas leithreasa fáltais agus caiteachas Vóta 38 Sláinte don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2024, agus
- gur ullmhaíodh an cuntas leithreasa san fhoirm a d'ordaigh an tAire Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin.

An bonn leis an tuairim

Rinne mé m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúcháireachta (ISAnna) arna gcur i bhfeidhm ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúcháireachta. Déantar cur síos ar mo fhreagrachtaí faoi na caighdeáin sin san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo. Táim neamhspleách ar an Roinn Sláinte agus chomhlíon mé mo chuid freagrachtaí eitiiciúla eile i gcomhréir leis na caighdeáin.

Creidim go bhfuil an fhianaise iniúchta atá aimsithe agam leordhóthanach agus cuí chun bunús a chur le mo thuairim.

Tuarascáil ar an ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais agus ar nithe eile

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais i láthair i dteannta an chuntais leithreasa. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm as tuairisciú ar an bhfaisnéis atá sa ráiteas, agus ar nithe eile a dtuairiscím orthu de réir eisceachta, san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo.

Íocaíocht ex gratia neamhcheadaithe

I Nóta 5.7 nochtáítear íocaíocht €147,000 (CBL san áireamh) a rinneadh le comhlacht ar bhonn *ex gratia*. Ní raibh aon chonradh le haghaidh seirbhísí i bhfeidhm idir an Roinn agus an comhlacht, atá faoi úinéireacht ag beirt ionadaithe othar.

Faoi *Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí* (cuid C7.11), bíonn gá le ceadú ar leith ón Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin le haghaidh íocaíochtaí *ex gratia*. Níor lorg an Roinn Sláinte an ceadú sin don íocaíocht *ex gratia* a rinneadh leis an gcomhlacht.

Forbairt ionaid chúraim phríomhúil

Déantar athbhreithniú ar an dul chun cinn a rinneadh maidir le soláthar na n-ionad cúraim phríomhúil i gcaibidil 19 de mo *Thuarascáil ar Chuntais na Seirbhísí Poiblí* le haghaidh 2024.

Seamus Mac Cárthaigh

An tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste

11 Meán Fómhair 2025

Aguisín a ghabhann leis an tuarascáil ón Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste

Freagrachtaí an Oifigeach Cuntasaíochta

Tá an tOifigeach Cuntasaíochta freagrach as an méid seo a leanas

- an cuntas leithreasa a ullmhú i gcomhréir le halt 22 den Exchequer and Audit Departments Act, 1866
- a áirithiú go mbeidh an cuntas leithreasa i gcomhréir le ceanglais na *Nósanna Imeachta um Airgeadas Poiblí* ón Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digiúcháin, agus le hordacháin eile ón Aire Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digiúcháin
- rialtacht na n idirbheart a áirithiú, agus
- cibé rialú inmheánach a chur chun feidhme a chinneann an tOifigeach Cuntasaíochta a bheith riachtanach chun ullmhú an chuntais leithreasa a chumasú, saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé acu de dheasca calaoise nó earráide.

Freagrachtaí an Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste

Ceanglaítear orm faoi alt 3 d'Acht an Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993 iniúchadh a dhéanamh ar an gcuntas leithreasa agus tuairisciú air sin do Dháil Éireann á rá cibé acu, i mo thuairimse, a chuirtear na fáлтаis agus an caiteachas a bhaineann leis an vóta i láthair i gceart sa chuntas.

Is é an cuspóir atá agam agus an t iniúchadh á dhéanamh dearbhú réasúnach a fháil maidir le cé acu atá nó nach bhfuil an cuntas leithreasa saor ó mhíráiteas ábhartha de dheasca calaoise nó earráide. Tá dearbhú réasúnach ina ardleibhéal dearbhaithe, ach ní ráthaíocht atá ann go mbraithfear le hiniúchadh a dhéantar i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúcháireachta míráiteas ábhartha i gcónaí nuair is ann dó. Is féidir le míráitis eascairt as calaois nó earráid agus meastar go bhfuil siad ábhartha más rud é, ar bhonn aonair nó ar an gcomhiomlán, go bhféadfaí a mheas le réasún go mbeadh tionchar acu ar chinntí eacnamaíocha úsáideoirí a dhéantar ar bhonn an chuntais leithreasa.

Mar chuid d'iniúchadh i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúcháireachta, feidhmím breithiúnas gairmiúil agus coinním sceipteachas gairmiúil ar feadh an iniúchta. Ar an dóigh sin,

- Sainaithním na rioscaí a bhaineann le míráiteas ábhartha a thabhairt ar an gcuntas leithreasa, agus déanaim measúnú air sin, cibé acu de dheasca calaoise nó earráide; dearaim agus feidhmím nósanna imeachta iniúcháireachta atá freagrach do na rioscaí sin; agus faighim fianaise iniúcháireachta atá leordhóthanach agus iomchuí chun bonn a sholáthar le mo tuairim. Tá riosca níos mó ag baint le gan míráiteas ábhartha a thagann as calaois a bhrath ná ceann a thagann as earráid a bhrath, ós rud é gur féidir go mbeidh claonpháirteachas, brionnú, neamhghníomhartha intinneacha, mífhaisnéisí nó sárú ar rialú inmheánach i gceist le calaois.
- Faighim tuiscint ar rialú inmheánach atá ábhartha maidir leis an iniúchadh chun nósanna imeachta iniúcháireachta atá iomchuí sna himthosca a dhearadh, ach ní dhéanaim amhlaidh chun tuairim a léiriú ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha.
- Déanaim measúnú ar cé acu a comhlíonadh nó nár comhlíonadh forálacha cuntasaíochta na *Nósanna Imeachta um Airgeadas Poiblí* na Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digiúcháin.

Déanaim cumarsáid leis an Oifigeach Cuntasaíochta i leith, i measc ábhair eile, raon feidhme agus uainiú beartaithe an iniúchta agus torthaí iniúcháireachta suntasacha, lena n áirítear aon easnaimh shuntasacha sa rialú inmheánach a shainaithním le linn m'iniúchta.

Aguisín a ghabhann leis an tuarascáil ón Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste (ar ar leanúint)

Tuairiscím, mar eisceacht, más rud é, i mo thuairimse,

- Nach bhfuair mé an fhaisnéis agus na mínithe uile a d'éiligh mé le haghaidh m'iniúchta, nó
- nár leor na taifid chuntasaíochta chun gur féidir iniúchadh a dhéanamh go fonnmhar agus i gceart ar an gcuntas leithreasa, nó
- nach bhfuil an cuntas leithreasa ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

Tuairisciú ar an ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais

Maidir le mo thuairim ar an gcuntas leithreasa, ní chlúdaítear ráiteas an Oifigigh Cuntasaíochta maidir le rialú inmheánach airgeadais, ná ní chuirim in iúl aon chineál conclúide dearbhaithe maidir leis sin.

I dtaca le m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa, ceanglaítear orm faoi na Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúcháireachta an ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais a léamh agus, ar an dóigh sin, breithniú a dhéanamh ar cé acu atá an fhaisnéis atá ann ar neamhréir ábhartha leis an gcuntas leithreasa nó leis an eolas a fhaightear ann le linn an iniúchta, nó más cosúil gur tugadh míráiteas ábhartha ina leith. Más rud é, bunaithe ar an obair atá déanta agam, go dtagaim ar an gconclúid go bhfuil míráiteas ábhartha ann, ceanglaítear orm an fóras sin a thuairisciú.

Tuairisciú ar ábhair eile

Féachaim le fianaise eile a fháil faoi rialtacht idirbheart airgeadais le linn an iniúchta. Ceanglaítear orm a thuairisciú, faoi alt 3 den Acht um Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, má shainaithním aon chás ábhartha inarb amhlaidh nár cuireadh airgead poiblí i bhfeidhm chun na gcríoch atá beartaithe nó inarb amhlaidh nach raibh idirbhearta i gcomhréir leis na húdaráis a rialaíonn iad.

Ceanglaítear orm freisin, faoi Acht 1993, tuarascáil a ullmhú gach bliain ar cibé ábhair a eascraíonn as mo chuid iniúchtaí ar na cuntais leithreasa a mheasaim a bheith iomchuí. Sna cásanna sin, leis na tuarascálacha iniúcháireachta ar na cuntais leithreasa ábhartha tagraítear don chaibidil nó do na caibidlí ábhartha i mo *Thuarascáil bliantúil ar Chuntais na Seirbhísí Poiblí*.

Vóta 38 Sláinte

Cuntas Leithreasa 2024				
Seirbhís		2024		2023
		Soláthar measta		Olltoradh
		€000	€000	€000
Riarachán				
A.1	Tuarastail, pá agus liúntais	49,968	50,488	44,868
A.2	Taisteal agus cothú	500	566	455
A.3	Oiliúint agus forbairt	670	651	735
A.4	Seirbhísí oibríochtúla, soláthairtí agus trealamh éagsúil	1,806	1,313	1,047
A.5	Infheistíocht caipitil dhigitigh agus speansais TF	2,560	1,751	2,052
A.6	Speansais áitribh	1,339	1,044	1,266
A.7	Athbhreithnithe beartais, seirbhísí comhairliúcháin agus taighde	1,834	513	765
Deontais				
B.1	Deontais do chomhlachtaí taighde	53,933	51,951	49,038
B.2	Ciste Éire Shláintiúil	16,846	15,384	14,380
B.3	Tionscnamh Drugaí	8,436	5,757	5,360
Seirbhísí Eile				
C	Speansais maidir le EDS agus comhlachtaí idirnáisiúnta eile	3,601	4,535	2,985
D	Fiosrúcháin reachtúla agus neamhreachtúla agus táillí agus socraíochtaí dlí ilghnéitheacha	12,573	7,142	21,027
E.1	Comhlachtaí forbartha, comhairliúcháin, maoirseachta agus comhairleacha	124,116	109,692	85,987
E.2	An Bord um Chur Chun Cinn Sábháilteachta Bia	5,691	5,691	5,664
E.3	An Ciste Náisiúnta um Cheannach Cóireála	100,022	100,000	100,000
E.4	INTERREG na hÉireann/Thuaisceart Éireann	784	—	6,074
E.5	Gníomhartha Covid na gníomhaireachta	130,000	139,000	92,235
F.2	Íocaíochtaí i dtaca le daoine atá i mbun éilimh faoi dhochar ó vacsaíniú	1	—	—

Seirbhís		2024		2023
		Soláthar measta		Olltoradh
		€000	€000	€000
Seirbhísí eile (ar lean)				
F.3	Íocaíochtaí le cuntas speisialta arna bhunú faoi Alt 10 de na hAchtanna um Binse Cúitimh i ndáil le Heipitéas C 1997 agus 2002	16,000	12,721	14,551
F.4	Íocaíochtaí le ciste aisdúichithe a bunaíodh faoi Alt 11 de na hAchtanna um Binse Cúitimh i ndáil le Heipitéas C 1997 agus 2002	2,000	2,186	2,284
G	Faisnéis, comhdhálacha agus foilseachán don tsláinte agus do sheirbhísí sláinte	1,545	2,532	900
H	Sláintecare	11,936	5,945	6,585
Riarachán corparáideach				
I	Glanchostais phinsin			
	Bunmhéid	738,332		
	Forlíontach	82,459		
		820,791	833,091	794,210
Seirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta FSS				
J.1	FSS (lena n-áirítear forbairtí seirbhísí)			
	Bunmhéid	13,602,269		
	Forlíontach	1,347,067		
		14,949,336	15,057,642	13,333,494
J.2	FSS – Gníomhartha Covid-19	850,666	850,666	709,857
Seirbhísí FSS eile				
K.1	Gníomhaireachtaí sláinte agus eagraíochtaí comhchosúla (páirtmhaoinithe ag an gCrannchur Náisiúnta)	4,513	—	—
K.2	Íocaíochtaí go Cuntais Speisialta – An tAcht Sláinte (Aisíoc) 2006	1,700	—	—
K.3	Íocaíocht go cuntas speisialta a bunaíodh faoi Alt 4 den Acht um Binse Cúitimh i ndáil le Heipitéas C (Leasú) 2006 – Scéim Árachais	1,000	1,043	2,228

Seirbhísí	2024		2023	
	Soláthar measta		Olltoradh	Olltoradh
	€000	€000	€000	€000
K.4 Íocaíochtaí leis an nGníomhaireacht um Éilimh ar an Stát maidir le faillí chliniciúil				
	<i>Bunmhéid</i>	435,000		
	<i>Forlíontach</i>	50,000		
		485,000	417,046	511,656
K.5 Míbhuntáiste eacnamaíoch agus sóisialta (maoiniú cuntas díomhaoin)		1,985	710	69
Clár cúraim				
L.1 Seirbhísí aisíocaíochta cúraim phríomhúil				
	<i>Bunmhéid</i>	3,974,193		
	<i>Forlíontach</i>	269,474		
		4,243,667	4,216,125	4,030,478
L.2 Seirbhísí aisíocaíochta cúraim phríomhúil – gníomhartha Covid-19		—	—	8,920
L.3 Cúram cónaithe fadtéarmach		1,161,744	1,169,878	1,113,700
Seirbhísí caipitil				
M.1 Deontais maidir le tógáil, trealamh (TFC san áireamh)		19,927	14,426	16,088
M.2 Tógáil agus trealamh (saoráidí sláinte)				
	<i>Bunmhéid</i>	1,058,780		
	<i>Géilleadh iarchurtha</i>	70,000		
	<i>Forlíontach</i>	5,455		
		1,134,235	1,139,742	876,694
M.3 Córais faisnéise le haghaidh gníomhaireachtaí sláinte		425,188	425,188	413,696
M.4 Gníomhartha caipitil Covid-19 (TFC san áireamh)		—	—	50,000

Seirbhísí		2024		2023
		Soláthar measta		Olltoradh
		€000	€000	€000
Ollchaiteachas				
	Bunmhéid	22,821,458		
	Géilleadh iarchurtha	70,000		
	Forlíontach	1,754,455		
		24,645,913	24,644,419	22,319,348
Bain as				
N	Leithreasaí i gcabhair	422,705	449,414	446,374
Glanchaiteachas				
	Bunmhéid	22,398,753		
	Géilleadh iarchurtha	70,000		
	Forlíontach	1,754,455		
		24,223,208	24,195,005	21,872,974

Barrachas

Tá barrachas an mhéid a sholáthraítear thar an nglanmhéid a chuirtear i bhfeidhm faoi dhliteanas a ghéilleadh don Stáitchiste.

	2024	2023
	€	€
Barrachas	28,203,497	81,449,616
Géilleadh iarchurtha	—	(70,000,000)
Barrachas le géilleadh	28,203,497	11,449,616

Robert Watt
Oifigeach Cuntasaíochta
Sláinte

24 Márta 2025

Nótaí don Chuntas Leithreasa

Nóta 1 Ráiteas faoin gCostas Oibriúcháin 2024			
		2024	2023
	€000	€000	€000
Caiteachas ar riarachán na Roinne		56,326	51,188
Caiteachas ar sheirbhísí agus ar chláir		24,588,093	22,268,160
Ollchaiteachas		24,644,419	22,319,348
<i>Bain as</i>			
Leithreasáí i gcabhair		449,414	446,374
Glanchaiteachas		24,195,005	21,872,974
Athruithe ar shócmhainní caipitil			
<i>Maoin, gléasra agus trealamh (nóta 2.1)</i>			
Ceannacháin	(66)		
Dímheas	52		
<i>Sócmhainní doláimhsithe (nóta 2.2)</i>			
Amúchadh le linn na bliana	2		
		(12)	(23)
Athruithe i bhForálacha neamhreatha (nóta 2.5)		37,795	—
Athruithe ar ghlan sócmhainní reatha			
Laghdú ar réamhíocaíochtaí	1,200		
(Méadú) ar ioncam fabhraithe	(91)		
Méadú ar fhorálacha	11,953		
Méadú ar speansais fhabhraithe	6,596		
		19,658	(856)
Caiteachas díreach		24,252,446	21,872,095
Caiteachas a iompraítear in áiteanna eile			
Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (nóta 1.1)		21,635	21,268
Glanhostas cláir		24,274,081	21,893,363

1.1 Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara

Is éard atá i suim an ghlanchaiteachais ar sheirbhísí gaolmhara na suimeanna a leanas i dtaca le Vóta 38 a tabhaíodh in áit eile.

		2024	2023
		€000	€000
Vóta 9	Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim	41	44
Vóta 12	Aoisliúntas agus Liúntais ar Scor	13,029	12,524
Vóta 13	Oifig na nOibreacha Poiblí	7,643	7,963
Vóta 18	An Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte	62	75
Vóta 20	An Garda Síochána	400	238
Vóta 43	Oifig Phríomhoifigeach Faisnéise an Rialtais	138	129
Príomh-Chiste – pinsin aireachta		322	295
		21,635	21,268

Nóta 2 Ráiteas ar an Staid Airgeadais amhail an 31 Nollaig 2024

	Nóta	2024 €000	2023 €000
Sócmhainní seasta			
Réadmhaoín, Fearas agus trealamh	2.1	112	98
Sócmhainní doláimhsithe	2.2	2	—
		114	98
Sócmhainní reatha			
Banc agus airgead tirim		—	63,154
Réamhíocaíochtaí	2.3	1,328	2,528
Ioncam fabhraithe		292	201
Iarmhéideanna dochair eile	2.4	82,844	6,462
Glan-mhaoiniú Státchiste	2.8	4,302	—
		88,766	72,345
<i>Lúide</i>			
Dliteanais reatha			
Soláthairtí	2.5	11,953	—
Speansais fabhraithe	2.6	7,341	745
Rótharraingt bhainc		81,490	—
Iarmhéideanna creidmheasa eile	2.7	5,656	4,752
Glan-mhaoiniú Státchiste	2.8	—	64,864
		106,440	70,361
Glan-(dliteanais)/sócmhainní reatha		(17,674)	1,984
Dliteanais neamh-reatha			
Soláthairtí	2.5	37,795	—
Glan-(dliteanais)/sócmhainní		(55,356)	2,082
Arna n-ionadú ag:			
Cuntas maoinithe stáit	2.9	(55,356)	2,082

2.1 Réadmhaoin, fearas agus trealamh

	Trealamh Oifige agus TF €000	Iomlán €000
Costas nó luacháil		
Amhail an 1 Eanáir 2024	292	292
Breisiúcháin	66	66
Amhail an 31 Nollaig 2024	358	358
Dímheas carntha		
Amhail an 1 Eanáir 2024	194	194
Dímheas don bhliain	52	52
Amhail an 31 Nollaig 2024	246	246
Glansócmhainní		
Amhail an 31 Nollaig 2024	112	112
Amhail an 31 Nollaig 2023	98	98

2.2 Sócmhainní doláimhsithe

	Ceadúnais bhogearraí a fuarthas €000	Iomlán €000
Costas nó luacháil		
Amhail an 1 Eanáir 2024	—	—
Coigeartú ^a	119	119
Breisiúcháin	—	—
Amhail an 31 Nollaig 2024	119	119
Dímheas carntha		
Amhail an 1 Eanáir 2024	—	—
Coigeartú	115	115
Amúchadh don bhliain	2	2
Amhail an 31 Nollaig 2024	117	117
Glansócmhainní		
Amhail an 31 Nollaig 2024	2	2
Amhail an 31 Nollaig 2023	4	4

Nóta ^a Rinne an Roinn athbhreithniú ar a ceadúnais bhogearraí agus aithníodh sé cheadúnas le rochtain ar fhreastalaí nár chóir a láimhseáil mar shócmhainní doláimhsithe. Roimhe seo láimhseáladh na sócmhainní seo mar speansas agus táthar á gcoigeartú ar an gclár in 2024.

2.3 Réamhíocaíochtaí

amhail an 31 Nollaig	2024	2023
	€000	€000
Ciste Éire Shláintiúil	703	1,708
Ciste Comhtháthaithe Sláintecare	276	267
Réamhíocaíochtaí eile	174	153
Ollscoil na Banríona Béal Feirste	113	—
Oiliúint	62	—
Clubanna Sláintiúla CLG	—	400
	1,328	2,528

2.4 Iarmhéideanna dochair eile

amhail an 31 Nollaig	2024	2023
	€000	€000
Féichiúnaí FSS	78,109	—
Ciste Cúitimh Heipitíteas C	3,532	6,060
Tuarastail na Roinne	1,069	—
Míreanna fionraí dochair eile	77	238
Caiteachas ar an scéim pas taistil inaisíochta	50	56
Caiteachas taistil atá in-aisíochta	7	4
Tuarastail in-aisíochta	—	6
Aistriú fheidhm na Roinne Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige	—	98
	82,844	6,462

2.5 Forálacha

amhail an 31 Nollaig	2024 ^a
	€000
Íocaíochtaí agus cúitimh an Bhinse Heipitítis C	35,603
Forálacha dlíthiúla eile	14,145
Iomlán	49,748
Dliteanais reatha	11,953
Dliteanais neamh-reatha	37,795

Nóta ^a In 2024 tugadh isteach sa Roinn forálacha lena n-úsáidtear luachanna reatha sna cuntais faoi réir ag CGAS 19 Forálacha, Dliteanais Theagmhasacha agus Sócmhainní Teagmhasacha. Ní raibh ríomhanna na bliana roimhe de dhíth.

2.6 Speansais fabhraithe

amhail an 31 Nollaig	2024	2023
	€000	€000
Íocaíochtaí i dtaobh Heipitítis	2,129	—
Costais riaracháin	1,548	520
Fabhrú pá saoire	1,016	—
Fabhrú párolla	973	—
Tionscnamh scanta International Horizon	1,205	—
Fabhruithe eile	273	122
Seirbhís Fuilaistriúcháin na hÉireann	88	26
Ciste Éire Shláintiúil	55	—
Táillí dlíthiúla	46	—
An tSeirbhís Chomhairleach Náisiúnta	8	77
	7,341	745

2.7 Iarmhéideanna creidmheasa eile

amhail an 31 Nollaig	2024	2023
	€000	€000
Suimeanna atá dlite don Stát		
Cáin ioncaim	630	578
Árachas sóisialach pá-choibhneasa	475	404
Muirear sóisialta uilíoch/tobhach ioncaim	126	119
Cáin réadmhaoine áitiúil	2	2
Cáin bhreisluacha	118	7
Cáin iarchoimeádta seirbhísí gairmiúla	38	42
	1,389	1,152
Fionraíocht		
Asbhaintí párolla ar fionraí	321	274
Maoiniú ón AE	3,945	3,316
Míreanna fionraíochta creidmheasa eile	1	10
	4,267	3,600
	5,656	4,752

2.8 Glanchistiúcháin Státhchiste

amhail an 31 Nollaig	2024	2023
	€000	€000
Barrachas le géilleadh	28,203	11,450
Géilleadh iarchurtha	—	70,000
Deontas Státhchiste neamhtharraingthe	(32,505)	(16,586)
Glan-mhaoiniú Státhchiste	(4,302)	64,864
Arna n-ionadú ag:		
Féichiúnaithe		
Banc agus airgead tirim	—	63,154
Féichiúnaí FSS	78,109	—
Iarmhéideanna dochair: fionraíocht	4,735	6,462
	82,844	69,616
Creidiúnaithe		
Dlite don Stát	(1,389)	(1,152)
Rótharraingt bhainc	(81,490)	—
Iarmhéideanna creidmheasa: fionraí	(4,267)	(3,600)
	(87,146)	(4,752)
	(4,302)	64,864

2.9 An cuntas maoinithe stáit

	Nóta	2024	2023
		€000	€000
Iarmhéid amhail an 1 Eanáir		2,082	1,204
Eisíocaíochtaí ón Vóta			
Soláthar measta	Cuntas	24,223,208	
Barrachas le géilleadh	Cuntas	(28,203)	
Glanvóta		24,195,005	21,872,973
Caiteachas a iompraítear in áiteanna eile	1.1	21,635	21,268
Glanchoigeartú sócmhainní doláimhsithe		4	—
Glanchostas cláir	1	(24,274,081)	(21,893,363)
Iarmhéid amhail an 31 Nollaig		(55,355)	2,082

2.10 Ceangaltais

	2024	2023
a) Ceangaltais dhomhanda	€000	€000
amhail an 31 Nollaig		
Earraí agus seirbhísí a sholáthar	—	— ^a
Cláir deontas neamhchaipitil	34,965	34,567
Cláir deontais chaipitil	33,899	37,164
Iomlán na gceangaltas atá infheidhmithe le dlí	68,864	71,731
b) Cláir deontais neamhchaipitil	€000	€000
Iarmhéid tosaigh an 1 Eanáir	34,567	32,711
Ceangaltais deontais nua	43,225	18,951
Deontais a íocadh le linn na bliana	(32,301)	(16,405)
Deontais curtha ar ceal	(10,526)	(690)
Iarmhéid deiridh an 31 Nollaig	34,965	34,567
c) Cláir deontais chaipitil	€000	€000
Iarmhéid tosaigh	37,164	48,256
Deontais a íocadh le linn na bliana	(9,561)	(9,856)
Ceangaltais deontais nua	6,339	—
Deontais curtha ar ceal	(43)	(1,236)
Iarmhéid deiridh	33,899	37,164

Nóta ^a Sonraítear i gclár DPENDR 20/2024 *Ceanglais maidir le Cuntais Leithreasa 2024* nach bhfuil ach costas todhchaí na gconarthaí neamh-incheallaithe le nochtadh, mar aon le méideanna na bliana roimhe sin.

2.11 Dlíteanais aibithe

	2024	2023
amhail an 31 Nollaig	€000	€000
Meastacháin ar dhlíteanais aibithe nár urscaoileadh ag deireadh bliana	473	—

2.12 Dlíteanais theagmhasacha

Tá baint ag an Roinn le roinnt éileamh a bhaineann le himeachtaí dlí a d'fhéadfadh dlíteanais a ghiniúint, ag brath ar thoradh na dlíthíochta.

Mar a fhoráiltear in alt 109 de CGAS 19 *Forálacha, Dlíteanais Theagmhasacha agus Sócmhainní Teagmhasacha*, tá cinneadh déanta ag an Roinn gan mionsonraí sonracha a nochtadh maidir le cásanna oscailte a bhaineann le dlíteanais theagmhasacha, ionas nach ndéanfar dochar dá seasamh i ndlíthíocht leanúnach.

2.13 Sócmhainn theagmhasachta: íocaíochtaí faoi bhanna ag an NPHDB

In 2024, rinne an buan-chomhréiteoir ar thionscadal caipitil Ospidéal Nua na Leanaí roinnt moltaí i ndáil le héilimh ó BAM (príomhchonraitheoir an tionscadail) ar choigeartuithe ar shuim an chonartha ar chuir Bord Náisiúnta Forbartha an Ospidéal Phéidiatraicigh (NPHDB- an fostóir) ina gcoinne faoi théarmaí chonradh na n-oibreacha poiblí.

Ina dhiaidh sin d'eisigh an NPHDB 'fógra míshástachta' ar mholtaí an chomhréiteora.

Chuir an príomhchonraitheoir tús le himeachtaí cúirte i dtaobh na n-éileamh, agus cuireadh bannaí in aghaidh luach mholtaí an chomhréiteora.

Íocaíochtaí faoi bhanna sa phróiseas comhréitigh

Déantar íocaíochtaí faoi bhanna mar chuid den phróiseas réitigh díospóide de réir mar a leagadh amach sa chonradh oibreacha poiblí. Tugadh amach banna i gcás gur diúltaíodh le moladh an chomhréiteora, agus cuireadh an cas ar aghaidh chuig eadránú nó chun na hArd-Chúirte.

Ligeann íocaíocht faoi bhanna don íocaíocht arna moladh le bheith faighte ar ais má dhéantar cinneadh ina dhiaidh sin an íocaíocht a fhreascú, sa chás sin an Ard-Chúirt.

Faoi réir ag an bpróiseas réitithe díospóide, bhí ar an NPHDB an méid arna moladh a íoc leis an gconraitheoir, agus chuir an banna urrús ar an íocaíocht go dtí go socrófar an díospóid sna cúirteanna.

Chloígh an NPHDB lena cheanglais íocaíochta go léir de réir mar a measadh faoi mheicníochtaí réitithe díospóide faoin gconradh. Tugann an íocaíocht faoi bhanna urrús 100% don íocaíocht go dtí go socrófar an díospóid sna cúirteanna. Tá an próiseas comhréitigh maidir leis na héilimh sin dúnta anois agus ní féidir eolas a dhéanamh as moladh an chomhréiteora d'imeachtaí na Ard-Chúirte.

Próiseas tarraingthe anuas Vóta agus láimhseáil na n-íocaíochtaí faoi bhanna sna ráitis airgeadais

Mar bhunriachtanas an phróisis tarraingthe anuas deontais do thogra caipitil Ospidéal Nua na Leanaí cuireann an NPHDB a iarratais ar tharraingt anuas do FSS. Ansin cuireann FSS na méideanna sin san áireamh ina hiarratais ar tharraingt anuas ón Roinn Sláinte. Déantar na híocaíochtaí sin a tharraingt anuas ón vóta caipitil sláinte (fotheideal M.2).

Is é bunús agus cineál dlíthiúil na n-íocaíochtaí faoi bhanna gur míreanna 'iníoctha' iad seachas míreanna 'speansais' toisc nach íocaíocht dheimhnithe in aghaidh an chonartha iad.

Ina fhianaise sin, léirítear méid na n-íocaíochtaí bannaí dar luach €164.7 milliún (CBL san áireamh) mar shócmhainn theagmhasach (de réir alt 39 agus 105 de *Fhorálacha GGAS 19, Dílteanais Theagmhasacha agus Sócmhainní Teagmhasacha*) i gcuntas leithreasaithe an vóta sláinte, mar, i gcás nach ndeimhnítear an íocaíocht sin i gcoinne an chonartha, beidh an méid sin inaisíoctha ag NPHDB le FSS agus dá réir sin ag FSS leis an Roinn Sláinte.

Tá an chóireáil seo ag teacht leis an gcóireáil a chuirtear i bhfeidhm i Ráitis Airgeadais an NPHDB (arna n-iniúchadh ag Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste) i gcás nach dtaifeadtar na híocaíochtaí faoi bhanna leis an gconraitheoir i luach na ngealltanais caipitiúil a bhfuil conradh déanta ina leith agus go n-iompraíonn an NPHDB an méid a bhaineann leis an mbanna mar iarmhéid atá dlite do FSS mar i gcás nach ndeimhnítear an íocaíocht seo i gcoinne an chonartha beidh an méid seo inaisíoctha le FSS.

2.14 Iarmhéid FSS

amhail an 31 Nollaig	2024	2023
	€000	€000
Dliteanas tosaigh an 1 Eanáir	(417,950)	(463,523)
Cinneadh	(24,111,124)	(21,846,895)
Deontas arna n-eisiúint	24,111,130	21,845,003
Réamhíocaíocht 2025 fhéichiúnaí FSS	78,109	—
Aistarraing farasbairr chéadchaipitil	61,897	47,465
Dliteanas deiridh an 31 Nollaig	(277,937)	(417,950)
Glan-iarmhéid le FSS	(277,937)	(417,950)

Nóta ^a In 2024, bhí na híocaíochtaí iomlána a eisíodh ón Vóta Sláinte chuig an FSS níos mó ná an méid a leagadh amach i litir chinnidh bhliantúil an Aire. B'ionann €78.1 milliún de sin agus réamhghaoiniú le haghaidh 2025. Rinne an Roinn Sláinte barrachas caipitil €67.8 milliún 2023 a fhritháireamh i gcoinne fhiachas na Roinne do FSS, rud a thugann glan-iarmhéid €277.937 milliún do FSS do 2024.

2.15 Tionchar na n-athruithe ar an mbeartas cuntasáíochta in 2024

Cuireadh naoi gcaighdeán cuntasáíochta nua de chuid an rialtais láir (CGAS) chun feidhme le héifeacht ón 1 Eanáir 2024. Bhí an tionchar seo a leanas ag an gcur chun feidhme ar chomhardú cistiúcháin an Stáit.

	2024
	€000
Forálacha ^a	(49,748)
Fabhrú saoire ^b	(1,016)
Fabhrú párolla ^b	(973)
Iomlán	(51,737)

Nóta ^a CGAS 19 Forálacha, Dliteanais Theagmhasacha agus Sócmhainní Teagmhasacha
^b CGAS 39A Sochair Fostaithe Cuid A

Nóta 3 Caiteachas Vóta

Anailís ar chaiteachas riaracháin

Rinneadh athstruchtúráil vótála ar fho-cheannteidil riaracháin neamhphá in 2024 lenar ceanglaíodh costais agus buiséad a ath-leithdháileadh ar fud fho-cheannteidil A.3, A.4, A.5 agus A.6. Bhí an t-athstruchtúráil sin mar chuid den phróiseas chun na fo-cheannteidil riaracháin a nuachóiriú ar fud na gcuntas a vótáladh mar ullmhúchán don aistriú chuig na Seirbhísí Comhroinnte Bainistíochta Airgeadais. Cuireadh figiúirí comparáideacha 2023 in iúl arís chun an struchtúr nua a léiriú.

Tugann an méid seo a leanas breac-chuntas ar na cúiseanna atá le héagsúlachtaí suntasacha caiteachais ón méid a chuirtear ar fáil. Is ionann éagsúlacht shuntasach agus +/- €100,000, agus +/- 5% den mhéid a soláthraíodh (fotheidil riaracháin +/- 25%)

Caiteachas riaracháin

A.4 Seirbhísí oibríochtúla, soláthairtí agus trealamh éagsúil

Soláthar measta €1.806 milliún; olltoradh €1.313 milliún

Bhí an tearc-chaitheamh de €493,000 ar fud míreanna buiséid éagsúla laistigh den fho-cheannteideal seo.

Bhí an t-éileamh ar lónadóireacht níos ísle mar níor reáchtáladh an oiread sin imeachtaí sa Roinn ná mar a bhí beartaithe roimhe. Bhí an caiteachas ar innealra oifige, priontáil agus ceangal, mar aon le roinnt costas riaracháin roinne ag leibhéal níos ísle ná mar a bhí beartaithe. Bhí an tearc-chaitheamh faoi réir ag vírmint in 2024.

A.5 Infheistíocht caipitil dhigitigh agus speansais TF

Soláthar measta €2.560 milliún; olltoradh €1.751 milliún

Tá an tearc-chaitheamh de €809,000 ann mar gheall ar mhoill an tionscadail fíorúlaithe TF. Bhí moilleanna sa togra ann de bharr athruithe ar úinéireacht agus samhail cheadúnaithe an díoltóra. Bhí an tearc-chaitheamh faoi réir ag vírmint in 2024.

A.7 Athbhreithnithe beartais, seirbhísí comhairliúcháin agus taighde

Soláthar measta €1.834 milliún; olltoradh €0.513 milliún

Ó bhuiséad €1.834 milliún, leithdháileadh timpeall ar €1.500 milliún go tograí ar leith. As an méid sin, íocadh €513,000 san iomlán de réir mar a tháinig sonraisc i leith obair a cuireadh i gcrích isteach.

Bhí €442,000 de thograí a cuireadh ar ceal nó a cuireadh i gcrích faoin mbuiséad in 2024. Ceadaíodh roinnt tograí in 2024 ach níor cuireadh tús leo in 2024, lena n-áirítear togra amháin de €170,000. B'ionann luach iomlán na dtograí sin agus €531,000 agus meastar go mbeidh sé á léiriú sa chaiteachas 2025. Bhí an tearc-chaitheamh faoi réir ag vírmint in 2024.

Deontais do ghníomhaireachtaí

B.2 Ciste Éire na Sláinte

Soláthar measta €16.846 milliún; olltoradh €15.384 milliún

Tharla an t-athraitheas €1.462 milliún mar thoradh ar chaiteachas neamhdheontais á íoc ó fhotheideal G seachas B.2 mar atá i moltaí na hIoniúcháireachta Inmheánaí. Iarradh ar vírmint fhotheideal G a mhéadú in 2024 mar thoradh air sin.

B.3 Tioncnamh Drugaí

Soláthar measta €8.436 milliún; olltoradh €5.757 milliún

Gach bliain, déanann an Roinn íocaíochtaí le tograí faoi shainchúram na dTascfhórsaí Drugaí agus Alcóil. De réir na nósanna imeachta, má tá barrachas nár caitheadh a eascraíonn i dtogra ón mbliain roimh (i.e. 2023) baineann an Roinn an méid sin ó leithdháileadh an togra i leith 2024. Mar sin, bhí an tearc-chaitheamh in B.3 in 2024 ann de bharr barrachas i dtograí tascfhórsa a baineadh óna leithdháiltí i lár na bliana. Go príomha bhí baint ag na cistí nár caitheadh le folúntais i dtograí. Bhí an tearc-chaitheamh faoi réir ag vírmint in 2024.

Seirbhísí eile**C Speansais i ndáil leis an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte agus le comhlachtaí idirnáisiúnta eile**

Soláthar measta €3.601 milliún; olltoradh €4.535 milliún

Bhí an róchaitheamh €934,356 de bharr tiomantas neamhchistithe an Aire chun deonachán na Roinne chuig an EDS a mhéadú. Bhí an róchaitheamh faoi réir ag vírmint 2024.

D Ceisteanna reachtála agus neamhreachtála agus socraíochtaí dlíthiúla

Soláthar measta €12.573 milliún; olltoradh €7.142 milliún

Bhí an tearc-chaitheamh €5.431 milliún mar thoradh ar dhá shocrúchán beartaithe nár cuireadh i gcrích faoi dheireadh bliana. Meastar go gcuirfear na cásanna sin i gcrích in 2025. Bhí an tearc-chaitheamh faoi réir ag vírmint in 2024.

E.1 Comhlachtaí forbartha, comhairliúcháin, maoirseachta agus comhairleacha

Soláthar Measta €124.116 milliún; olltoradh €109.692 milliún

Cuireann an Roinn cistí ar aghaidh chuig gníomhaireachtaí sláinte suas go dtí leibhéal ceadaithe caiteachais nó caiteachais iarbhir cibé acu is lú. Bhí caiteachas an Údaráis um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte níos lú ná a leithdháileadh mar gheall ar mhoill maidir le poist a líonadh.

I measc na n-earraí ilghnéitheacha eile tearc-chaitheamh faoin bhfotheideal sin, tearc-chaitheamh mar gheall ar chur ar ceal cláir áirithe agus tráthúlacht íocaíochtaí, áirítear tionscnaimh na hOifige um Shábháilteacht Othar, an Coiste Comhairleach Náisiúnta um Scagadh, an Foras Sláinte Fiacla, Comhlachtaí Rochtana ar Shonraí Sláinte, an Coiste Comhairleach Náisiúnta um Imdhíonadh, an Coimisiún um Chúram do Dhaoine Scothaosta agus an tearc-chaitheamh ó chistiúchán a chóiméad FSS siar lena n-áirítear Soláthar Sábháilte Foirne Altranais. Bhí an tearc-chaitheamh faoi réir ag vírmint in 2024.

E.4 Ireland/Northern Ireland Interreg

Soláthar measta €0.784 milliún; olltoradh nialas

Ní raibh aon tarraingt anuas in 2024 mar níor oibríochtaíodh na cláir faoin gclár Peace Plus. Meastar go mbeidh siad ag oibriú in 2025. Bhí an tearc-chaitheamh faoi réir ag vírmint in 2024.

E.5 Gníomhartha Covid na Gníomhaireachta

Soláthar measta €130.0 milliún; olltoradh €139.0 milliún

Baineann an róchaitheamh leis an méadú sa chiste curtha ar fáil don Chiste Náisiúnta um Cheannach Cóireála chun cumas a mhéadú faoi Phlean Gníomhaíochta um Liosta Feithimh 2024. Bhí an róchaitheamh faoi réir ag vírmint 2024.

F.3 Íocaíochtaí le Cuntas Speisialta arna bhunú faoi alt 11 de na hAchtanna um Binse Cúitimh i ndáil le Heipitíteas C 1997 agus 2002

Soláthar measta €16.0 milliún; olltoradh €12.721 milliún

Bhí an tearc-chaitheamh €3.279 milliún sa chaiteachas i gcomparáid leis an soláthar measta níos ísle ná an caiteachas Binse measta sa bhliain. Níl an Roinn in ann líon nó luach na n-íocaíochtaí arna n-íoc ag an mBinse Cúitimh Heipitítis C agus VEID, atá neamhspleách ón Roinn, a réamhaisnéisiú go cruinn. Bhí an tearc-chaitheamh faoi réir ag vírmint in 2024.

F.4 Íocaíochtaí le ciste aisdúichithe a bunaíodh faoi Alt 11 de na hAchtanna um Binse Cúitimh i ndáil le Heipitíteas C 1997 agus 2002

Soláthar measta €2.0 milliún; olltoradh €2.186 milliún

Déantar foráil le halt 11 den Acht go n-íocfar méideanna in ionad le héilitheoirí a ghlac le dámhachtain ón mBinse nó le tairiscint socraíochta. Bhí an méadú €186,106 milliún ar chaiteachas i gcomparáid leis an soláthar meastacháin mar gheall ar luach na n-íocaíochtaí ciste aisdúichithe a bheith níos airde ná mar a bhíodhas ag súil leis. Bhí an róchaitheamh faoi réir ag vírmint 2024.

G Faisnéis, comhdhálacha agus foilsíú don tsláinte agus do sheirbhísí sláinte

Soláthar measta €1.545 milliún; olltoradh €2.532 milliún

Tá an róchaitheamh €986,553 ann toisc gur measadh ag an Iniúchóireacht Inmheánach go mbeadh sé níos oiriúnaí go n-íocfaí as feachtais Éire na Sláinte ó fhotheideal G seachas ó fhotheideal B.2 as ar íocadh na costais sna blianta roimhe. Bhí an róchaitheamh faoi réir ag vírmint 2024.

H Sláintecare

Soláthar measta €11.936 milliún; olltoradh €5.945 milliún

Bhain an tearc-chaitheamh i gcaiteachas ar Sláintecare go príomh le sos earcaíochta FSS agus mar thoradh air sin níor líonadh fiche folúntas i dtograí babhta 2 agus níor oibríodh ceithre thogra babhta 3 in 2024 as naoi dtogra ar an iomlán de réir mar a bhí beartaithe. Dá thoradh sin, laghdaíodh an méid maoinithe a d'fhéadfaí a eisíoc le tionscadail bhabhta 2 agus 3 in 2024, i gcomparáid leis an méid a rabhthas ag súil lena eisíoc. Bhí an tearc-chaitheamh faoi réir ag vírmint in 2024.

Riarachán corparáideach

I Glanchostais phinsin

Soláthar measta €738.332 milliún; olltoradh €833.091 milliún

Déantar foráil i bhfotheideal I maidir le sochair aoisliúntais a fóc le fostaithe de chuid FSS agus folaíonn sé pinsin agus cnapshuimeanna scoir agus tá sé glan ar aon ranníocaíocht aoisliúntais a dhéanann baill foirne atá ann cheana féin. Ceanglaítear le tabhairt isteach na Scéime Pinsin Seirbhíse Poiblí Aonair (SPSPS) in 2013 go ndéanfadh comhaltaí na scéime seo a ranníocaíochtaí a fóc go lárnach leis an Státchiste. De réir mar a théann comhaltaí scéimeanna is sine ar scor agus comhaltaí den SPSPS ag teacht ina n-ionad, tá laghdú tagtha ar an méid ioncaim atá á choinneáil ag FSS, rud a cothaíonn éileamh níos mó ar an bhfotheideal seo. In éineacht le sochair mhéadaithe a thig as comhaontuithe pá na hearnála poiblí, tá an caiteachas breise a tabhaíodh in 2024 níos airde ná an leibhéal cistithe a cuireadh ar fáil mar thoradh air sin. Fuarthas cistiú forlíontach €82.5 milliún in 2024 agus ceadaíodh vírmint €2.8 milliún go sealadach.

Seirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta FSS

J.1 FSS (Lena n-áirítear forbairtí seirbhísí)

Soláthar measta €13,602.269 milliún; olltoradh €15,057.642 milliún

Cuimsítear réimsí seirbhíse phríomhoibríúcháin FSS ag fotheideal J.1, lena n-áirítear géarospidéil, cúram príomhúil, ionchuimsiú sóisialta, cúram maolaitheach, meabhairshláinte, daoine scothaosta, seirbhísí pobail mar aon le seirbhísí náisiúnta agus tacaíochta. Bhí an róchaiteamh in 2024 ann de bharr easnaimh i ngéarospidéil ach níl a oiread céanna i réimsí daoine scothaosta agus arna stiúradh ag éileamh laistigh den fhotheideal sin.

Is iad na costais phárolla is mó a spreagann an róchaiteachas seo, costais a eascraíonn as líon foirne níos airde ná an leibhéal cistithe mar gheall ar ró-earcú i dtreo dheireadh 2023, chomh maith le caiteachas substaintiúil ar ghníomhaireacht agus ragobair os cionn na leibhéal cistithe.

Ba chúis shuntasach eile an róchaithimh sin ná costais neamhphá, atá inathraitheach bunaithe ar leibhéil éilimh ar an gcóras sláinte. Mar thoradh ar mhéideanna gníomhaíochta níos airde ná mar a bhí beartaithe agus cistithe in 2024, bhí róchaiteachas suntasach ann i réimsí amhail drugaí agus cógais, soláthairtí leighis agus máinliachta, tástáil saotharlainne agus seirbhísí gairmiúla eile. Fuarthas cistiú forlíontach €1,347.1 milliún in 2024 agus ceadaíodh vírmint €112.5 milliún go sealadach.

Seirbhísí FSS eile

K.1 Gníomhaireachtaí sláinte agus eagraíochtaí comhchosúla (páirtmhaoinithe ag an gCrannchur Náisiúnta)

Soláthar measta €4.513 milliún; olltoradh €nialas

Tá an scéim deontais seo, arna cistiú i bpáirt ag an gCrannchur Náisiúnta, oscailte d'eagraíochtaí deonacha ar fud an stáit. Chun bheith incháilithe don scéim ní mór roinnt critéar a chomhlíonadh, agus ní íoctar deontais go dtí go bhfuil an fhaisnéis ábhartha go léir curtha ar fáil chun sástacht FSS. Níor tharraing FSS aon chistiú anuas faoin bhfo-cheannteideal sin in 2024. Bhí an tearc-chaitheamh faoi réir ag vírmint in 2024.

K.2 Íocaíochtaí le Cuntas Speisialta – An tAcht Sláinte (Aisíoc) 2006

Soláthar measta €1.7 milliún; olltoradh €nialas

Achtaíodh an tAcht Sláinte (Scéim Aisíoca) 2006 i Meitheamh 2006 chun bonn dlíthiúil a chur ar fáil i dtaobh táillí fadchónaithe a gearradh go mícheart ar dhaoine incháilithe ó 1976 faoi Rialacháin Shláinte (Táillí le haghaidh Seirbhísí d'Othair Chónaitheacha) 1976 arna leasú in 1987 nó faoi na Rialacháin maidir le Cúnamh Institiúdeach 1954 arna leasú in 1965 a aisíoc.

Bhí an barrachas €1.7 milliún, gan aon chaiteachas, in 2024 ann mar gheall ar chineál na n-íocaíochtaí faoin bhfotheideal seo a bheith chomh mór sin go bhféadfadh uainiú na n-iarratas ar mhaoiniú a bheith dothuartha, go háirithe má bhíonn ceisteanna le réiteach sa phróiseas fóraithe, agus dá bhrí sin is féidir uainiú na n-íocaíochtaí a athrú. Mar gheall ar nádúr reachtúil na Scéime, ní mór don Stát na dliteanais a chomhlíonadh agus dá bhrí sin tá sé tábhachtach a chinntiú go bhfanann maoiniú don Scéim san fhotheideal ábhartha chun dliteanais deiridh a chomhlíonadh. Bhí an tearc-chaitheamh faoi réir ag vírmint in 2024.

K.5 Míbhuntáiste eacnamaíoch agus sóisialta (maoiniú cuntas díomhaoín)

Soláthar measta €1.985 milliún; olltoradh €0.710 milliún

Tá scéim cistithe cuntas díomhaoín FSS ceaptha chun cistí ó chuntais dhíomhaoine a úsáid chun tacú le tionscadail agus tionscnaimh a bhaineann leis an tsláinte. Tá sé mar aidhm ag an scéim tacú le tionscadail a fheabhsaíonn sláinte agus folláine, go háirithe do ghrúpaí agus do phobail faoi mhíbhuntáiste. Riarann FSS an scéim ina tugtar deontais d'eagraíochtaí atá lonnaithe i bpobail bheaga i ndiaidh próisis iarratais oscailte. Féadfaidh méid na ndeontas a bheith éagsúil ag brath ar an tionscadal sonrach agus ar a raon feidhme. Go ginearálta, bíonn na deontais idir €10,000 agus €100,000, ach d'fhéadfadh deontais níos mó a bheith ar fáil do thograí suntasacha a léiríonn tionchar agus riachtanas suntasach.

Déanann FSS measúnú ar na hiarratais ar dheontas, ceadaíonn an maoiniú agus tarraingíonn an maoiniú atá i gceist anuas ón Roinn Sláinte faoi fhotheideal K.5. Níor tharraing FSS ach €710,000 anuas i gcistiú in 2024, agus mar thoradh bhí tearc-chaitheamh €1.275 milliún in aghaidh an fhotheidil sin. Bhí an tearc-chaitheamh faoi réir ag vírmint in 2024.

Clár cúraim

L.1 Seirbhísí aisíocaíochta cúraim phríomhúil

Soláthar measta €3,974.193 milliún; olltoradh €4,216.125 milliún

Faoi fhotheideal L.1 cuirtear maoiniú ar fáil don tSeirbhís Aisíocaíochta Cúraim Phríomhúil (PCRS) agus Scéimeanna faoi stiúir Éileamh Áitiúil (LDLS), agus bhí €3,705 milliún leithdháilte do PCRS agus €269 milliún do LDLS in 2024. Cuireann sé seo maoiniú ar fáil do roinnt catagóirí caiteachais lena n-áirítear Scéim na Seirbhísí Liachta Ginearálta, scéimeanna faoi stiúir éileamh an phobail, an Scéim Náisiúnta um Bainistiú Drugaí agus clár náisiúnta imdhíonta. Tá na scéimeanna sin go léir faoi stiúir éileamh.

Bhí an róchaiteachas in 2024 bunaithe den chuid is mó ar éileamh, nasctha le leathnú na hincháilitheachta, próifíl dhéimeagrafach (daonra atá ag dul in aois) agus infhaighteacht cógas níos forbartha agus, dá bhrí sin, cógais níos costasaí. I measc na gcúiseanna is suntasaí taobh thiar den easnamh in 2024 áiríodh scéim caiteachas ar dhruaí na Seirbhísí Ginearálta Míochaine, Scéim Íocaíochta Drugaí, Scéim Tinnis Fhadtéarmaigh agus Clár Vacsaínithe Fliú. Fuarthas cistiú forlíontach €269.5 milliún in 2024.

Seirbhísí caipitil

M.1 Deontais maidir le tógáil, trealamh (TFC san áireamh)

Soláthar measta €19.927 milliún; olltoradh €14.426 milliún

Tharla an tearc-chaitheamh in M.1 de thoradh fadhbanna ama, síorathrú foirne agus moilleanna san earcaíocht ar fud tograí éagsúla. I ndáil leis na moilleanna sin ceadaíodh iarratas vírminte €5.5 milliún go fotheideal M.2 ag DPENDR.

M.2 Tógáil agus trealamh (saoráidí sláinte)

Soláthar measta €1,058.780 milliún; olltoradh €1,139.742 milliún

Bhí an caiteachas níos airde ná an soláthar measta in 2024 de bharr caiteachas €70 milliún ar Ospidéal Náisiúnta na Leanaí (NCH) a tugadh ar aghaidh ó 2023. Ceadaíodh tabhairt ar aghaidh na gcistí sin ag DPENDR ag teacht le nósanna imeachta seanbhunaithe. Ceadaíodh €5.5 milliún i gciste forlíontach ag Roinn d'Oifig na nOibreacha Poiblí (OPW) i dtaca le tograí Brexit. Iarradh ar agus ceadaíodh vírmintí €5.5 milliún and €7,000 ó M.1 agus A.5. Rinneadh an t-aistriú idir fho-cheannteidil caipitil chun seachadadh iomlán an chláir caipitil sláinte a bharrfheabhsú.

Nóta 4 Fáltais

4.1 Leithreasaí i gcabhair

		2024		2023
		Soláthar measta	Réadaithe	Réadaithe
		€000	€000	€000
1	Costas na seirbhísí sláinte a sholáthraítear faoi rialacháin an Chomhphobail Eorpaigh a aisghabháil	240,000	260,000	260,000
2	Fáltais ó dhleachtanna máil áirithe ar tháirgí tobac	167,605	167,605	167,605
3	Costais áirithe na Scéime Seirbhísí Ophtalmacha a fhorchúiteamh ón gCiste Árachais Shóisialaigh	6,000	6,645	6,927
4	Costais áirithe faoin Scéim Seirbhísí Cóireála Fiaclóireachta a chúiteamh leis an gCiste Árachais Shóisialaigh	2,000	5,648	3,870
5	Cuntais dhíomhaoine	2,950	710	69
6	Fáltais ó ranníocaíochtaí aoisliúntais breise ar luach saothair seirbhíse poiblí	3,900	5,149	4,510
7	Fáltais maidir le Cláir Speisialta AE	—	2,663	2,606
8	Fáltais ilghnéitheacha	250	994	787
		422,705	449,414	446,374

Éagsúlachtaí suntasacha

Leagtar amach anseo na cúiseanna leis na héagsúlachtaí suntasacha i leithreasaí i gcabhair (+/- 5% agus €100,000).

- 1

Costas na seirbhísí sláinte a sholáthraítear faoi rialacháin an Chomhphobail Eorpaigh a aisghabháil

Soláthar measta €240.0 milliún; réadaithe €260.0 milliún

Den chuid is mó, tá an t-athrú €20 milliún mar gheall ar íocaíocht níos airde ná mar a bhíodhas ag súil leis ón Ríocht Aontaithe i ndáil le héilimh an Limistéir Eorpaigh Eacnamaíoch (LEE). Léirigh rialtas an RA ar dtús go mbeadh laghdú i gcomparáid le blianta roimhe ach eisíodh íocaíocht ag an leibhéal céanna in 2024 sa deireadh ach déanfar athbhreithniú air in 2025.

- 3

Costais áirithe na Scéime Seirbhísí Oftalmacha a chúiteamh as an gCiste Árachais Shóisialaigh

Soláthar measta €6 milliún; réadaithe €6.6 milliún

Déantar an méid a ríomh ag an Roinn Coimirce Sóisialaí ag deireadh bliana agus íoctar an Roinn. Toisc go bhfuil an scéim bunaithe ar éileamh, tá sé deacair a thuair cé mhéad iarratas a gheofar.
- 4

Costais áirithe faoin Scéim Seirbhísí Cóireála Fiaclóireachta a chúiteamh leis an gCiste Árachais Shóisialaigh

Soláthar measta €2.0 milliún; réadaithe €5.6 milliún

Déantar an méid a ríomh ag an Roinn Coimirce Sóisialaí ag deireadh bliana agus íoctar an Roinn. Toisc go bhfuil an scéim bunaithe ar éileamh, tá sé deacair a thuair cé mhéad iarratas a gheofar.
- 5

Cuntais dhíomhaoine

Soláthar measta €2.95 milliún; réadaithe €0.71 milliún

Beartaíodh go gcuirfeadh an Roinn isteach ar mhaoiniúchán níos mó i dtaca le cuntas díomhaoin ná mar a iarradh air sa deireadh.
- 6

Fáltais ó ranníocaíochtaí aoisliúntais breise ar luach saothair seirbhíse poiblí

Soláthar measta €3.9 milliún; réadaithe €5.1 milliún

Bhí líon foirne sa Roinn níos airde in 2024 ná mar a bhí in 2023, agus bhí méadú i líon foirne i roinnt gníomhaireachtaí.
- 7

Fáltais maidir le Cláir Speisialta AE

Soláthar measta €nialas; réadaithe €2.7 milliún

I Meán Fómhair 2023, scríobh Comhlacht na gClár Speisialta AE chuig an Roinn chun a mhaíomh nach rabhadar ag tnúth le haon íocaíocht a dhéanamh chuig an Roinn faoi Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (ERDF) in 2024, ach fuarthas íocaíocht do bhlianta roimh 2024 de réir mar a dúnadh cláir.
- 8

Fáltais ilghnéitheacha

Soláthar measta €0.250 milliún; réadaithe €1.0 milliún

Tá an t-athraitheas ann de bharr, ar an mórchuid, aisíocaíocht de chistiú Covid nár caitheadh ó 2022 (€549,000) agus deontais Éire na Sláinte nár caitheadh (€191,000) ó 2023.

4.2 Fáltais bhreise infíochta leis an Státchiste

	2024	2023
	€000	€000
Iarmhéid amhail an 1 Eanáir	—	—
Géilleadh deonach pá	48	37
Aistrithe chuig an Státchiste	(48)	(37)
Iarmhéid amhail an 31 Nollaig	—	—

Nóta 5 Foireann agus Luach Saothair

5.1 Líon na bhfostaithe

Coibhéisí lánaimseartha	2024	2023
An Roinn	670	646
Fostaithe díreacha FSS ^a	93,793	94,696
Fostaithe deonacha géarmhíochaine agus neamh-ghéarmhíochaine (alt 38)	54,475	51,289
Gníomhaireachtaí eile ^b	2,300	2,191
	151,238	148,822

Nóta ^a Áirítear leis na figiúirí seo fostaithe arna maoiniú ag an Roinn Sláinte agus ag an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Comhtháthaithe agus Óige.

^b Áirítear le 'gníomhaireachtaí eile' gach gníomhaireacht atá ag feidhmiú faoi choimirce na Roinne lena n-áirítear iad siúd nach bhfaigheann maoiniú díreach ón Státchiste.

5.2 Pá

Íocaíocht na Roinne	2024	2023
	€000	€000
Pá	46,091	41,005
Liúntais dleachtanna níos airde, speisialta nó breise	281	253
Liúntais eile	3	11
Ragobair	104	101
ÁSPC an fhostóra	4,092	3,478
Pá scarúna	—	20
Pá iomlán ^a	50,571	44,868

Nóta ^a Tuarastail arna dtuairisciú i bhfotheideal A1 agus H1

Íocaíocht FSS	2024	2023
	€000	€000
Pá	5,779,957	5,265,552
Liúntais dleachtanna níos airde, speisialta nó breise	679,833	612,889
Riaráistí	28,388	16,348
Ragobair	355,469	303,557
ÁSPC an fhostóra	698,840	622,396
Íocaíocht aitheantais speisialta paidéime	45	2,088
Aoisliúntas	1,034,660	997,972
Pá iomlán fostaithe díreacha FSS	8,577,192	7,820,802
Costais foirne na Gníomhaireachta	725,980	644,212
Pá iomlán ^a	9,303,172	8,465,014

Nóta ^a Ní áirítear leis na costais phá thuas costas fostaithe san earnáil dheonach. Áirítear leis na figiúirí seo fostaithe arna maoiniú ag an Roinn Sláinte agus ag an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Comhtháthaithe agus Óige.

Íocaíocht ball foirne ó ghníomhaireachtaí eile	2024	2023
	€000	€000
Pá	95,205	82,413
Liúntais dleachtanna níos airde, speisialta nó breise	373	335
Liúntais eile	92	102
Ragobair	27	12
ÁSPC an fhostóra	9,970	8,590
Pá iomlán ^a	105,667	91,452

Nóta ^a I measc na ngníomhaireachtaí eile tá gníomhaireachtaí atá ag feidhmiú faoi choimirce na Roinne a fhaigheann maoiniú díreach ón Státhiste, seachas FSS.

5.3 Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre

	Líon na bhfaighteo irí	Faighteoirí € 10,000 nó níos mó	Íocaíocht aonair is airde	
			2024	2023
			€	€
Foireann na Roinne				
Liúntais dleachtanna níos airde, speisialta nó breise	31	14	27,563	42,541
Liúntais eile	13	—	1,685	4,805
Ragobair	19	4	21,980	21,847
Luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin	4	4	27,184	26,760
Foireann na gníomhaireachta ^a				
Liúntais dleachtanna níos airde, speisialta nó breise	91	7	17,690	29,921
Liúntais eile	17	—	6,394	6,394
Ragobair	36	—	3,541	4,144
Luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin	—	—	—	6,265

Nóta ^a I measc na ngníomhaireachtaí eile tá gníomhaireachtaí atá ag feidhmiú faoi choimirce na Roinne a fhaigheann maoiniú díreach ón Státciste, seachas FSS.

5.4 bandaí pá fostaithe na Roinne

Bhí líon na mball foirne de chuid na Roinne a fhaigheann sochair mar fhostaí (lena n-áirítear buntuarastal, liúntais, ragobair; gan ÁSPC an fhostóra agus costais phinsin an fhostóra a chur san áireamh) idir €20,000 agus €59,999 agus, maidir le gach banda €10,000 ó €60,000 ar aghaidh mar seo a leanas.

Bandaí pá (€)		Líon fostaithe	
Ó	Chuig	2024	2023
20,000	59,999	324	372
60,000	69,999	73	66
70,000	79,999	70	63
80,000	89,999	63	49
90,000	99,999	51	36
100,000	109,999	28	18
110,000	119,999	20	10
120,000	129,999	14	2
130,000	139,999	2	2
140,000	149,999	—	—
150,000	159,999	—	1
160,000	169,999	1	2
170,000	179,999	2	3
180,000	189,999	3	—
190,000	199,999	—	1
200,000	209,999	1	—
210,000	249,999	—	—
250,000	259,999	—	1
260,000	289,999	—	—
290,000	299,999	—	1
300,000	309,999	1	—

5.5 Luach saothair agus sochair an Oifigigh Chuntasaíochta

Seo a leanas luach saothair agus sochair incháinithe an Oifigigh Chuntasaíochta don bhliain airgeadais.

	2024	2023
	€000	€000
Bunphá	305	297
	305	297

Ní áirítear thuas luach na sochar a tuilleadh sa tréimhse. Is ball é an tOifigeach Cuntasaíochta den Scéim Pinsin d'Iontrálaithe Nua Bunaithe Iar-2004 agus ní théann a theidlíochtaí ar shochair scoir thar théarmaí caighdeánacha na scéime sin.

5.6 Ró-íocaíochtaí párolla

amhail an 31 Nollaig	Líon na bhfaighteo irí	2024 €	2023 €
Ró-íocaíochtaí	44	222,670	119,437
Pleananna téarnaimh i bhfeidhm	17	11,746	12,939

Aistríodh ró-íocaíochtaí ar luach €25,165 go comhlachtaí seirbhísí poiblí eile.

Cuireann an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte (NSSO) seirbhísí próiseála párolla ar fáil don Roinn. In 2024, rinne siad iniúchadh ar a gcórais chun cruinneas na ró-íocaíochtaí a bhailíochtú. Mar thoradh ar thorthaí an bhirt seo tá méadú suntasach ann go n-oibreoidh an NSSO agus an AD áitiúil le chéile chun aghaidh a thabhairt air.

5.7 Íocaíochtaí ex-gratia

In 2024, íocadh €147,231 san iomlán le cuideachta faoi úinéireacht beirt ionadaithe othar i rith 2024.

Níor iarradh cead na Roinne Caiteachais Phoiblí, Seachadadh PFN agus Athchóirithe de réir mar atá i dtreoirlínte Níosanna Imeachta Airgeadais Phoiblí na Roinne.

Nóta 6 Ilghnéitheach

6.1 Coistí, coimisiúin agus fiosrúcháin speisialta

Coimisiún cuspóra sheasta	Bliain an cheapacháin	Caiteachas carnach go deireadh 2024 €000	Caiteachas in 2024 €000	Caiteachas in 2023 €000
Fiosrúchán maidir le Valpróait Sóidiam ^a	2024	373	373	—
Binse na Seiceála Ceirbheacs	2020	4,198	424	569
		4,571	797	569

Nóta ^a Tugadh cead an Rialtais ar an 11 Iúil 2023 chun fiosrúchán a bhunú maidir le ceadúnú agus úsáid stairiúil de valpróait sóidiam i mná ar féidir leanaí a shaolú sa Stát. Ar an 26 Meitheamh 2024, ceapadh an tAire Brid O’Flaherty BL mar chathaoirleach an fhiosrúcháin.

6.2 Maoiniú ón AE

Fuarthas méid €2.6 milliún in 2024 ón ERDF/INTERREG agus léiríodh mar leithreasai i gcabhair arna bhfáil chun caiteachas taifeadta a chomh-mhaoiniú ó fhotheideal E.4 i mblianta roimhe.

Feidhmíonn an Roinn Sláinte cuntas fionraí an AE chun fáltais agus caiteachas an Vóta nár tacaíodh leo a thuairisciú. In 2024, fuarthas €1.82 milliún sa chuntas ón AE agus íocadh €1.2 milliún d’fhaighteoirí.

6.3 Cúiteamh agus costais dlíthiúla

Íocaíochtaí/costais a d’íoc an Roinn/Oifig sa bhliain				
	Éiligh ag		Iomlán 2024	Iomlán 2023
	Fostaithe	Baill den phobal		
Líon na gcásanna	1	20	21	37
	€000	€000	€000	€000
Costais dlí na Roinne féin	—	742	742	2,121
Íocaíochtaí ag/thar ceann na Roinne/na hOifige				
Cúiteamh	38	3,787	3,825	15,588
Costais dlíthiúla	—	725	725	2,334
Costais eile	—	40	40	167
Iomlán 2024	38	5,294	5,332	20,210
2023 Iomlán	—	20,210	20,210	20,210

6.4 Ciste Speisialta Infheistíochta Obstatraice (SOIS)

In 2008, bhunaigh an tAire Sláinte Scéim Speisialta Slánaíochta Cnáimhseachais. Faoin scéim, d'aontaigh an tAire Ospidéal Bon Secours (Corcaigh) agus Ospidéal Achadh an Toir a shlánú maidir le héilimh shonraithe chnáimhseachais. Bunaíodh ciste le rannfocaíochtaí ón dá ospidéal, ón gCumann Cosanta Leighis agus ón Roinn Sláinte. Íocann an Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát éilimh de réir mar a thagann siad chun cinn. Tá údarás tugtha ag an Aire Sláinte don Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát airgead a tharraingt anuas as an gciste chun costas na n-éileamh a chlúdach.

In 2024, úsáideadh an ciste SOIS Chnoc Chairméal ina iomlán agus, de réir an chomhaontaithe rannpháirtíochta, gearradh an t-iarmhéid ag a bhfuil aisíocaíocht de dhíth ar Scéim na Slánaíochta Cliniciúla.

Amhail an 31 Nollaig 2024, b'ionann iarmhéid an chiste agus €2.958 milliún (2023: €4.437 milliún). Is í Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta a bhainistíonn an ciste agus léirítear an t-ioncam agus an caiteachas gaolmhar i ráitis airgeadais bhliantúla na Gníomhaireachta um Éilimh ar an Stát.

6.5 Ciste Reachtúla na nInstitiúidí Cónaitheacha

Ar an 17 Deireadh Fómhair 2024, d'íoc ord rialta, Siúracha na Trócaire, €115,000 leis an Roinn faoi Acht 42 den Acht Chiste Reachtúla na nInstitiúidí Cónaitheacha 2012 (an tAcht). Faoin Acht, ní fhéadfar cistí den sórt sin a úsáid ach amháin chun an NCH a chur chun cinn.

Fuarthas na cistí i gcuntas speisialta atá ag an Roinn a bunaíodh faoi Alt 43(1) den Acht.

Fuarthas toiliú ón Aire Caiteachais Phoiblí, Seachadadh agus Athchóiriú an Phlean Forbartha Náisiúnta faoi Alt 43(3) den Acht ar an 18 Nollaig 2024 chun na cistí sin a aistriú go FSS. Aistríodh na cistí do FSS ar an 20 Nollaig 2024.

6.6 Maoiniú ón gCrannchur Náisiúnta

		2024		2023
		Meastachán	Olltoradh	Olltoradh
		€000	€000	€000
Fo-cheannteideal				
K.1	Gníomhaireachtaí sláinte agus eagraíochtaí comhchosúla (páirtmhaoinithe ag an gCrannchur Náisiúnta)	4,513	—	—
		4,513	—	—

6.7 Íocaíochtaí úis déanacha agus íocaíochtaí cúitimh

	2024	2023
	€000	€000
Iomlán na n-íocaíochtaí úis a íocadh	7	10

6.8 Díscríobhanna

	2024	2023
	€000	€000
Ceartúchán ar chuntas fionraí ^a	29	—

Nóta ^a Fuarthas dhá íocaíocht in 2023 gan aon sonraí aitheantais. Coimeádtar na híocaíochtaí sin ar fionraí go dtí go n-aimsítear aidhm na n-íocaíochtaí. Ba chóir go raibh dhá iontráil chuntasaíochta (leabhar cúnta) déanta chun iad a chur chun sochair fhotheideal A.1 chomh luath is a aithnítear iad ach rinneadh tríú iontráil de bhotún. Rinneadh an díscríobh seo chun an botún sin a cheartú.